*An Roinn Oideachais agus Scileanna*
*Rannóg Oideachais Múinteoirí*
*Corr na Madadh*
*Baile Átha Luain*
*Co. na hIarmhí.*
*Westmeath*

*Department of Education and Skills*
*Teacher Education Section*
*Cornamaddy*
*Athlone*
*Co*

# SCÉIM AISÍOCTHA TÁILLÍ MÚINTEOIRÍ 2014

*BA CHÓIR GACH FIOSRÚ A CHUR CHUIG:*

An Riarthóir, Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9.
Teil: (01) 8535102 Facs: (01) 8057712
Ríomhphost: refundoffeesscheme@mie.ie

**Imlitir 0008/2015**

**[GABHANN AN IMLITIR SEO IN IONAD GACH IMLITREACH ROIMHE SEO FAOIN SCÉIM SEO]**

***TÁ ATHBHREITHNIÚ Á DHÉANAMH AN SCÉIM SEO AGUS TAGHARFAR ATHRUITHE ISTEACH SA BHLIAIN 2016***

## RÉAMHRÁ

Is í aidhm na himlitreach seo ná na forálacha a rialaíonn feidhmiú na *Scéime Aisíoctha Táillí Múinteoirí* a leagan amach i gcomhair údarás bainistíochta scoileanna, príomhoidí agus múinteoirí.

Is é an cuspóir atá ag an Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí ná maoiniú a chur ar fáil do chostas rannpháirtíochta chúrsa agus táillí scrúdaithe, tar éis dóibh cúrsaí forbartha gairmiúla atá ábhartha go díreach agus chun leasa scoileanna agus atá faoi réir ag teastasú/damhachtain ag údarás creidiúnaithe cuí aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Baineann an Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí le hiarratais ó dhaoine aonair amháin agus níl cead ag scoileanna ná ag fostóirí eile aisíocaíochtaí a éileamh.

## MÚINTEOIRÍ ATÁ INCHÁILITHE

- Tá múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile, atá ar seirbhís agus atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus á n-íoc ag an Stát, incháilithe ar iarratas a chur isteach ar mhaoiniú faoin scéim. Áiríonn sé seo múinteoirí buana lánaimseartha, múinteoirí sealadacha lánaimseartha, múinteoirí páirtaimseartha, múinteoirí ionaid, múinteoirí faoi chonarthaí ar thréimhse éiginnte, agus múinteoirí faoi chonarthaí ar théarmaí seasta **atá fostaithe ar feadh na scoilbhliana iomláine agus a chuireann seirbhís teagaisc ar fáil i rith gach seachtaine scoile**.
- Tá múinteoirí lánchláraithe atá ar iasacht laistigh den earnáil oideachais incháilithe ar iarratas a chur isteach tar éis dóibh gach bliain den chúrsa a chríochnú go rathúil.
- Tá múinteoirí ar sos gairme/saoire gan phá incháilithe ar iarratas a chur isteach ar aisíocaíocht táillí, ach níl feidhm aige sin go dtí go bhfilleann siad ar an scoil tar éis na bliana/na mblianta ina raibh siad as láthair ar shos gairme/saoire staidéir.

### Cúrsaí nach bhfuil incháilithe faoin Scéim

- Ní íocfar maoiniú faoin Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí i leith cúrsaí as a bhfaightear cáilíocht a bhfuil liúntas iníoctha ina leith ar 4 Nollaig 2011 nó ina dhiaidh (Tag: Imlitir 0008/2013, Alt 12).
- I gcás daoine a bhfuil Céim Mháistir nó cúrsa ionchurtha leis tosaithe acu ar 4 Nollaig 2011 nó roimhe sin (Tag: Imlitir 0008/2013, Alt 12), de ghnáth ní bhíonn daoine dá leithéid incháilithe faoin scéim, toisc go bhfaightear cáilíocht astu a bhfuil liúntas iníoctha ina leith. Eisceacht air seo a bheadh ann dá mba rud é:
  - go bhfuil céim Mháistír onóracha ag an iarratasóir cheana féin a bhfuil liúntas iníoctha ina leith;
  - go bhfuil céim Mháistir pas ag an iarratasóir agus go bhfaigheann sé/sí céim Mháistir pas eile.
- Ní íocfar maoiniú faoin scéim seo chuig easpaí sna cáilíochtaí a theastaíonn i gcomhair aitheantais iomláin mar mhúinteoir bunscoile nó iarbhunscoile.
- Má tá liúntas i leith céime pas agat agus má fhaigheann tú céim onóracha ina dhiaidh sin níl tú incháilithe ar iarratas a chur isteach.

### Cúrsaí Incháilithe

- Ba cheart go mbeadh cúrsaí a cháilíonn bainteach go díreach le, agus go rachaidís chun leasa scoileanna, bainistíocht scoileanna nó múinteoirí, agus ba cheart go mbeadh tionchar dearfach acu faoi dheoidh ar theagasc agus ar fhoghlaim.
- Ba cheart go mbeadh cúrsaí faoi réir ag teastasú/dámhachtain ag údarás creidiúnaithe cuí atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun críche na scéime seo.

### *Cúrsaí Dioplóma*

- De ghnáth, beidh cúrsaí aitheanta dioplóma agus teastais, atá creidiúnaithe ag raon foras dea-cháile, incháilithe faoin *Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí.*
- Ní mór **cóip den teastas dioplóma féin** a gnóthaíodh de thoradh an cúrsa a bheith críochnaithe go rathúil, a bheith i dteannta gach foirme iarratais.

### Iarratais chuig an Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí

- Riarann Institiúid Oideachais Marino an scéim thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- Ní mór do mhúinteoirí iarratas a dhéanamh le cead ón bPríomhoidí agus óna mBoird Bhainistíochta agus/nó Boird Oideachais agus Oiliúna ar an bhfoirm iarratais chaighdeánach. Is ceart foirmeacha iarratais chomhlánaithe a chur chuig:
- 

**An Riarthóir, Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí**
**Institiúid Oideachais Marino, Ascal Uí Ghríofa, BAC 9**
**Teil: (01) 8535102 (01) Facs: (01) 8057712**
**r-phost:** refundoffeesscheme@mie.ie

- Ni ghlacfar ach le hiarratais i leith cúrsaí/cuid de chúrsaí a críochaníodh sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2013 go dtí 31 Lúnasa 2014.
- Is é an spriocdháta d'iarratais a fháil ná **10 Aibreán 2015.** Admhófar gach aon iarratas a fhaightear.
- Nuair is faide ré an chúrsa ná bliain, ní mór iarratais a chur isteach i ndiaidh gach bliain a chríochnú go rathúil.
- Éileofar ar iarratasóirí chomh maith **fianaise dhoiciméadach a sholáthar ó sholathraí an chúrsa** (Údarás Creidiúnaithe nó Institiúid Tríú Leibhéal) go bhfuil an cúrsa a bhfuil iarratas déanta ina leith críochnaithe go rathúil. Ba cheart go n-áireodh an fhianaise dhoiciméadach ráiteas soiléir ón institiúid i gceist ag deimhniú:
  - a) teideal oifigiúil an chúrsa
  - b) gur chríochnaigh an t-iarratasóir an cúrsa, nó bliain den chúrsa, go rathúil
  - c) torthaí an scrúdaithe
- **Ní mór** deimhniú na dtorthaí féin a bheith **cabhartha nó stampáilte go hoifigiúil** ag Oifig na Scrúduithe ag an Institiúid Oideachais lena mbaineann.
- Tá sé de fhreagracht ar gach aon iarratasóir a chinntiú go bhfuil an fhoirm iarratais **comhlánaithe go hiomlán, agus go bhfuil sí sínithe agus gach doiciméadú ábhartha i dteannta léi.**

- **<u>Ní dhéanfar iarratais dhéanacha a mheas.</u>**

### COISTE MONATÓIREACHTA

- Déanann Coiste Monatóireachta, ar a bhfuil ionadaithe ó cheardchumainn na múinteoirí, ionadaithe ó bhainistíocht scoile agus ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna, maoirsiú ar riarachán na scéime agus déanann sé moltaí faoi leithdháileadh íocaíochtaí ar iarratasóirí.
- Féadtar achomhairc in aghaidh molta de chuid an choiste monatóireachta a dhéanamh chuig Coiste Achomharc faoi choimirce an Aire Oideachais agus Scileanna.

### COISTE ACHOMHARC

- Breithneoidh coiste achomharc, ar a bhfuil baill den Rannóg Oideachais Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus den Chigireacht, achomhairc ó iarratasóirí nár fhaomh an coiste monatóireachta a n-iarratais.
- **Ní mór** achomhairc faoi chinneadh an choiste monatóireachta a bheith faighte **laistigh de cheithre seachtaine oibre** ón dáta ar a eisíodh fógra faoin gcinneadh.
- Ní foras achomhairc é iarratais a bheith diúltaithe de bharr iad a bheith déanach, neamhiomlán nó gan a bheith sínithe.
- Ní mór an fhoirm iarratais chomhlánaithe a bheith nasctha leis an litir achomhairc. **Is ceart go ndéarfadh an litir seo go soiléir céard iad na forais le haghaidh an achomhairc**.

### MÉIDEANNA ATÁ INÍOCTHA D'IARRATASÓIRÍ

- Déantar iarratais ar mhaoiniú faoin *Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí* go siarghabhálach i leith cúrsa a rinneadh i rith na bliana acadúla roimhe sin.
- Is riachtanach gur mó ná €600 na táillí iomlána atá iníoctha ag an iarratasóir as an gcúrsa sa bhliain iarratais chuí. Is é uasmhéid na táille a dhéanfar aisíoc ina leith ná €5000.
- Tá an maoiniú don scéim seo ag brath ar an mbuiséad a leithdháiltear don Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Braitheann codán na dtáillí a aisíocfar faoin scéim ar líon na n-iarratasóirí cáilithe a bheidh ann in aon bhliain amháin ar bith. Leithdháiltear an maoiniú atá ar fáil ar bhonn *pro-rata* i dtreo is go bhfaigheann na hiarratasóirí go léir a n-éiríonn leo an codán céanna dá gcuid táillí incháilithe.
- Áit a bhfuil iarratasóir **ag fáil íocaíochta/fóirdheontais ar bith cheana féin in aghaidh costais an chúrsa i gceist,** laghdófar méid na dtáillí atá incháilithe d'íocaíocht de réir mhéid na híocaíochta nó na n-íocaíochtaí sin.
- Mura ndéantá gach aon fóirdheontas/liúntas a nochtadh, measfar iarratas a bheith ar neamhní go hiomlán.
- Eiseofar íocaíocht a luaithe is a bheidh cinneadh déanta ag an gcoiste monatóireachta.

### FÓGRA DO MHÚINTEOIRÍ

**Bheifí buíoch ach an imlitir seo a chur ar aire na foirne teagaisc uile, lena n-áirítear iad siúd atá ar saoire, ar iasacht nó ar sos gairme.**

*Eddie Ward*
*Príomhoifigeach*
*Rannóg Oideachais Múinteoirí*
*Feabhra 2015*

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**SCÉIM AISÍOCTHA TÁILLÍ MÚINTEOIRÍ 2014**

# FOIRM IARRATAIS

**(Ba chóir *Imlitreacha 0008/2015 agus 0008/2013* a léamh sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo)**

***Tá athbhreithniú á dhéanamh an scéim seo agus tabharfar athruithe isteach sa bhliain 2016***

**NÍ MÓR AN FHOIRM IARRATAIS COMHLÁNAITHE SEO A SHEOLADH AR AIS CHUIG:**
An Riarthóir, Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí
Institiúid Oideachais Marino, Ascal Uí Ghríofa, BAC 9

**SPRIOCDHÁTA CHUN FOIRMEACHA IARRATAIS A FHÁIL:**

**10 Aibreán 2015**

**NÍ GHLACFAR LE hIARRATAIS DHÉANACHA**

## RANNÁN A

**1. SONRAÍ PEARSANTA**

Ainm (bloclitreacha): ____________________

Uimhir Chláraithe na Comhairle Múinteoireachta: ______________

Uimhir Phárolla an Oide: ______________

Seoladh Baile: ____________________

____________________

Uimhir Theileafóin: ____________________

R-phost: ____________________

Stádas Fostaíochta: Buan lánaimseartha ☐ Sealadach lánaimseartha ☐

Buan páirtaimseartha ☐ Sealadach páirtaimseartha ☐

Eile (sainigh le do thoil)

____________________

____________________

Cáilíochtaí Múinteoireachta faoi láthair (tabhair sonraí iomlána le do thoil):

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Liostáil na cáilíochtaí uile a bhfuil liúntas tuarastail á fháil agat ina leith faoi láthair (ach amháin an cúrsa lena mbaineann an t-iarratas seo, tabhair sonraí iomlán le do thoil)

______________________ Pas ☐ Onóracha ☐

______________________ Pas ☐ Onóracha ☐

______________________ Pas ☐ Onóracha ☐

## 2. SONRAÍ SCOILE

Ainm na Scoile: ______________________________

Uimhir Rolla: ____________

Seoladh: ______________________________

______________________________________________

Uimhir Theileafóin na Scoile: ____________

Ábhair a mhúintear (iarbhunscoil amháin) ____________________

## 3. ÉILEAMH AR AISÍOC TÁILLÍ

An ndearna tú éileamh faoin scéim seo i mblianta eile roimhe seo?

Rinne ☐ Ní dhearna ☐

Ar éirigh le do éileamh? D'éirigh ☐ Níor éirigh ☐ Méid a fuarthas: €_____

Má d'éirigh, luaigh le do thoil

(a) Bliain an Iarratais/Blianta na nIarratas ____________________

(b) Teideal oifigiúil an Chúrsa/Teidil Oifigiúla na gCúrsaí ____________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(c) Soláthraí/soláthraithe an Chúrsa/na gCúrsaí:_______________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

**4. SONRAÍ AN CHÚRSA A BHFUIL IARRATAS Á DHÉANAMH INA LEITH FAOIN SCÉIM REATHA**

(i) Teideal Oifigiúil an Chúrsa: _____________________________________________

(ii) Cáilíocht a bhronnfar mar thoradh ar an gcúrsa a chríochnú go rathúil
(cuir tic mar is cuí)

Teastas ☐ IC/Dioplóma ☐ Bunché ☐ Máistreacht ☐ Dochtúireacht ☐

I gcás Bunchéime nó Máistreachta, cuir in iúl leibhéal na céim a bhain tú amach:

Pas ☐ Onóracha ☐

Foras Creidiúnaithe: ___________________________________________

(iii) An bhfuil an cúrsa aitheanta faoin gCreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí?

Tá ☐ Níl ☐

Má tá, luaigh an leibhéal ______________

*Tuilleadh eolais le fáil ag www.nfq.ie*

(iv) Modúil/ábhair ar a rinneadh staidéar:___________________________________

_________________________________________________________________________

_________________________________________________________________________

(v) Soláthraí an Chúrsa (Foras) __________________________________________

(vi) An bhfaighidh tú liúntas breise airgeadúil de bharr an cúrsa seo a bheith déanta agat?

Gheobhaidh ☐ Ní bhfaighidh ☐

(vii) *Bíodh ráiteas faoi iamh agat ó sholáthraí an chúrsa/fhorais atá i gceist ag deimhniú:*

a) teideal oifigiúil an chúrsa
b) gur chríochnaigh tú an cúrsa nó bliain an chúrsa go rathúil
c) do thorthaí scrúdaithe

**Nótáil le do thoil:** ***Ní mór*** deimhniú na dtorthaí ar na scrúduithe, iad féin, a bheith **cabhartha nó stampáilte go hoifigiúil** ag Oifig na Scrúduithe ag an bhforas oideachais lena mbaineann.

Má tá iarratas á dhéanamh agat i leith **eiliminte an dioplóma** de chéim Mháistir, **ní mór duit an teastas dioplóma féin a chur isteach mar thaca leis an iarratas**.

**5. DÁTAÍ AN CHÚRSA:**

(i) Fad an Chúrsa: ______________________________________________

(ii) Dáta tosaigh na chéad bhliana den chúrsa: Lá ___ Mí ___ Bliain___

(iii) Dáta críochnaithe bliana deiridh an chúrsa: Lá ___ Mí ___ Bliain___

(iv) Bliain chúrsa a bhfuil an t-iarratas seo á dhéanamh ina leith:

Lá ___ Mí ___ Bliain___ **go dtí** Lá ___ Mí ___ Bliain___

**Nótáil le do thoil:** Ní ghlacfar ach le hiarratais i leith cúrsaí/cuid de chúrsaí a críochnaíodh sa tréimhse 01/09/2013 go dtí 31/08/2014 (ach amháin má tá tú ag filleadh ó shos gairme nó ó shaoire staidéir gan phá).

**6.** Má tá iarratas á dhéanamh agat ar fhilleadh duit ar an scoil **ó shos gairme** nó ó thréimhse saoire staidéir gan phá luaigh le do thoil:

(i) Dáta tosaigh an tsosa gairme/saoire staidéir: ________________________

(ii) Dáta fillte ar an scoil: ______________________________________________

**7. TÁILLE AN CHÚRSA**

(i) Táille chúrsa íoctha: €_______ *Iniaigh admháil nó admhálacha bunaidh.*

**(ii*)* An bhfuil do chúrsa incháilithe ar fhaoiseamh cánach** ☐ **Tá** ☐ **Níl**

**Nótáil led' thoil: Má tá an cúrsa seo incháilithe ar *fhaoiseamh cánach*, glacfar leis go bhfuil an t-éileamh cuí déanta agat.**

**(iii) An bhfuil íocaíocht agus/nó fóirdheontas á fháil agat cheana ó fhoinse eile (lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim) chuig costas tháillí an chúrsa?**

**Tá** ☐ **Níl** ☐

**(iv) An bhfuil sé ar intinn agat** cur isteach ar íocaíocht nó fóirdheontas **do chostas tháillí an chúrsa amach anseo?**

**Tá** ☐ **Níl** ☐

Má tá, luaigh (a) an foinse/na foinsí ***agus*** (b) an méid/na méideanna

**a) Foinse/foinsí:** ______________________________________________

b) Méid/méideanna: ______________________________

______________________________

**MURA NOCHTAÍTEAR GACH AON FÓIRDHEONTAS/LIÚNTAS, MEASFAR IARRATAS A BHEITH AR NEAMHNÍ INA IOMLÁINE**

**8. TÁ SÉ RIACHTANACH AN RANNÁN SEO A CHOMHLÁNÚ**

**Cláraigh go sainiúil, le do thoil, cén chaoi a mheasann tú go rachadh an cúrsa chun leasa na scoile agatsa agus chun leasa d'fhorbartha gairmiúla leanúnaí féin:**

9. **Dearbhaím go bhfuil an t-eolas thuas beacht, iomlán agus ceart.**

**Sínithe: _________________________________ Dáta: ______________________**

| |
|---|
| **BÍ CINNTE DE LE DO THOIL GO BHFUIL AN FHOIRM IARRATAIS COMHLÁNAITHE GO hIOMLÁN, AGUS GO BHFUIL SÍ SÍNITHE AGUS GACH DOICIMÉADÚ ÁBHARTHA I dTEANNTA LÉI.** |

## 10. FOIRM GHEALLTANAIS

**DE BHRÍ go bhfuilimse, thíos sínithe, ag gabháil do/tar éis gabháil do chúrsa oideachais de théarma ________ bliana as a dtiocfaidh _______________________ de réir mar a dheimhnigh mé ag Rannán 4, Rannán 5 agus Rannán 8 thuas AGUS DE BHRÍ gur féidir go nglacfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna leis an gcúrsa oideachais thuasluaite mar chúrsa atá bainteach le mo chuid fostaíochta san earnáil oideachais agus go dtoileann an tAire Oideachais agus Scileanna íocaíocht a dhéanamh liom i dtaca le costas na dtáillí íoctha agam as an gcúrsa thuasluaite agus go mbeidh mé tar éis ráiteas scríofa a sholáthar ón bhforas i gceist ag deimhniú gur fhreastail mé ar an gcúrsa oideachais thuasluaite agus gur ghlac mé páirt ann go sásúil le linn na bliana acadúla cuí nó le linn tréimhse chúrsa cuí eile agus go ndeachaigh mé faoi na scrúduithe cuí agus na trialacha forordaithe go léir ANOIS, i gcomaoin ar a bhfuil thuas, geallaim leis seo, i gcás go bhfágfaidh mé an earnáil oideachais roimh bliain amháin seirbhíse múinteoireachta a bheith tugtha agam inti i leith gach aon bliana acadúla nó tréimhse comhfhreagraí den chúrsa thuasluaite a mbeidh aisíoc táillí déanta liom ina leith, blianta acadúla nó tréimhsí chúrsa nach ríomhfar mar sheirbhís sa chomhthéacs seo, go n-aisíocfaidh mé leis an Aire Oideachais agus Scileanna cibé suim a bheidh comhionann le méid na dtáillí a mbeidh mé gan bliain iomlán nó blianta iomlána seirbhíse a thabhairt ina leith de réir mar a bheidh mar atá foráilte anseo thuas. Aisíocfaidh mé chomh maith leis an Aire Oideachais agus Scileanna suim ar bith a bheidh arna híoc liom faoin scéim seo má fhaightear amach go bhfuil an t-eolas atá á chur ar fáil agam earráideach go hábhartha.**

**Sínithe:** ____________________________________

**Dáta:** ____________________________________

## 11. DEARBHÚ MAIDIR LE GNÓTHAÍ CÁNACH

**Éilítear ar iarratasóirí ar gach aon deontas ó údaráis Stáit agus ó údaráis phoiblí a dheimhniú go bhfuil a gcuid gnóthaí cánach in ord agus in eagar. Dá réir sin is ceart d'iarratasóirí ar aisíocaíochtaí táillí, gur mó iad ná €600 (i mbliain féilire), an dearbhú thíos a chomhlánú agus é a chur ar ais leis an bhfoirm iarratais.**

**DEARBHÚ**

**Is mian liom a dheimhniú, chomh fada agus is eol dom, go bhfuil mo ghnóthaí cánach in ord agus in eagar. Deimhním freisin, má théann faoiseamh cánach ar mo tháillí chúrsa chun sochair dom faoi Alt 21 den Acht Airgeadais 2000, go léireoidh mé an tsuim chuí faoi rannán 7(iii) agus 7(iv) den fhoirm seo.**

**Is í m'uimhir phárolla ____________________________________________**

**Sínithe: ____________________________________________________**

**Dáta: ______________________________________________________**

| |
|---|
| **MURA NDÉANTAR GACH AON FÓIRDHEONTAS/LIÚNTAS A NOCHTADH, MEASFAR IARRATAS A BHEITH AR NEAMHNÍ GO hIOMLÁN** |

## RANNÁN B

### LE COMHLÁNADH AG ÚDARÁIS NA SCOILE

**Ainm an Mhúinteora**: ______________________________

**Uimhir Chláraithe na Comhairle Múinteoireachta**:____________________

Deimhním leis seo go rachaidh an cúrsa atá tógtha ag an múinteoir thuas chun leasa na scoile agus go gcuirfidh sé le forbairt ghairmiúil an mhúinteora.

***Sínithe:** ________________________________________________________
Príomhoide

**Dáta:** ___________________________

***Comhshínithe:** __________________________________________________
POF/Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta/Bainisteoir

**Dáta:** ___________________________

* Tá an dá shíniú riachtanach le go measfar an fhoirm iarratais a bheith iomlán. Níl sínithe "thar/ceann" inghlactha.

## Seicliosta (Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí 2014)
## Cuir Tic le do thoil

(i) Foirm ghealltanais comhlánaithe agus sínithe ☐

(ii) Dearbhú maidir le gnóthaí cánach sínithe ☐

(iii) Cóip bhunaidh d'admháil nó d'admhálacha táillí iniata ☐

(iv) Foirm na n-údarás scoile sínithe ☐

(v) Fianaise dhoiciméadach iniata (cabhartha nó stampáilte go hoifigiúil ag an institiúid nó ag an bhforas cáiliúcháin) ag léiriú gur críochnaíodh bliain an chúrsa go rathúil ☐

(vi) Cóip den Teastas Dioplóma iniata (má bhaineann) ☐

**(vii) Gach aon rannán den fhoirm iarratais comhlánaithe agus sínithe** ☐